Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15398/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0343 (NLE)**

**IXIM 311**
**JAI 1677**
**ENFOPOL 425**
**CRIMORG 236**
**JAIEX 130**
**AVIATION 156**
**DATAPROTECT 298**
**CH 54**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 676 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Conaidhm na hEilvéise maidir le haistriú sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 676 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 676 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.11.2025
COM(2025) 676 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Conaidhm na hEilvéise maidir le haistriú sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh**

## IARSCRÍBHINN

## COMHAONTÚ IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS CONAIDHM NA hEILVÉISE MAIDIR LE hAISTRIÚ SONRAÍ AS AN TAIFEAD AINMNEACHA PAISINÉIRÍ (PNR) CHUN CIONTA SCEIMHLITHEOIREACHTA AGUS AN CHOIREACHT THROMCHÚISEACH A CHOSC, A BHRATH, A IMSCRÚDÚ AGUS A IONCHÚISEAMH

AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear 'an tAontas' nó 'AE' anseo feasta freisin,

agus

Cónaidhm na hEilvéise, dár ngairtear 'an Eilvéis' anseo feasta,

dá ngairtear 'na Páirtithe' go comhpháirteach anseo feasta,

AG AITHINT gur cuspóirí leasa ghinearálta iad cionta sceimhlitheoireachta a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, mar aon le coireacht thromchúiseach eile, agus cearta an duine agus saoirsí bunúsacha á gcaomhnú san am céanna, go háirithe na cearta chun príobháideachais agus chun cosanta sonraí;

AG AITHINT gur comhpháirt riachtanach sa chomhrac i gcoinne cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach eile is ea an chomhroinnt faisnéise, agus sa chomhthéacs sin, gur ionstraim an-tábhachtach í úsáid na sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun na spriocanna sin a shaothrú;

AG AITHINT an tábhacht atá le sonraí PNR agus faisnéis anailíseach ábhartha agus iomchuí bunaithe ar shonraí PNR faoin gComhaontú seo a chomhroinnt idir na Páirtithe agus údaráis inniúla phóilíneachta agus bhreithiúnacha na hEilvéise, Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, Europol agus Eurojust mar bhealach chun comhar idirnáisiúnta póilíneachta agus breithiúnach a chothú;

AG FÉACHAINT leis an gcomhar idir na Páirtithe maidir le PNR a fheabhsú agus a spreagadh trí fhaisnéis a mhalartú, trí chomhar teicniúil ó shaineolaithe náisiúnta ó na Ballstáit agus ó Aonaid um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí (AFPanna) Thíortha Comhlachaithe Schengen, go háirithe maidir le critéir réamhchinntithe a fhorbairt agus maidir le gnéithe eile de phróiseáil PNR;

AG FÉACHAINT DO Rún 2396 (2017) agus Rún 2482 (2019) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe lena n-iarrtar ar gach Stát an cumas a fhorbairt sonraí PNR a bhailiú agus a phróiseáil agus do Chaighdeáin agus Cleachtais Mholta na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le sonraí PNR a bhailiú, a úsáid, a phróiseáil agus a chosaint arna nglacadh mar Leasú 28 ar Iarscríbhinn 9 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (Coinbhinsiún Chicago);

AG MEABHRÚ DÓIBH go bhfuil freagracht chomhroinnte ar na Páirtithe slándáil inmheánach a áirithiú laistigh de limistéar Schengen, lena n-áirítear trí fhaisnéis ábhartha a mhalartú, agus go soláthraítear leis an gComhaontú seo uirlis éifeachtach d'údaráis inniúla na bPáirtithe chun an sprioc sin a bhaint amach in éagmais rialú ag teorainneacha inmheánacha;

AG AITHINT DÓIBH nach bhfuil sé beartaithe feidhm a bheith ag an gComhaontú maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailíonn agus a tharchuireann aeriompróirí chun na hEilvéise chun críoch an rialaithe teorann.

AGUS AIRD Á TABHAIRT ar ghealltanais an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 6 de Chonradh an Aontais Eorpaigh maidir le cearta bunúsacha a urramú, an ceart chun príobháideachais a mhéid a bhaineann le sonraí pearsanta mar atá sonraithe in Airteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, prionsabail na comhréireachta agus an riachtanais a bhaineann leis an gceart chun saoil phríobháidigh agus saoil teaghlaigh, an príobháideachas a urramú agus sonraí pearsanta a chosaint faoi Airteagail 7 agus 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, Airteagal 8 de Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa Uimh. 108 chun Daoine Aonair a Chosaint maidir le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil go hUathoibríoch agus a Phrótacal breise 181;

AG AITHINT DÓIBH go bhfuil sé éigeantach faoi dhlí na hEilvéise go ndéanfaidh aeriompróirí sonraí PNR a aistriú chuig an Eilvéis .

AG AITHINT DÓIBH gurb í Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) a úsáid chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh an bunús atá le sonraí PNR a bheith á n-aistriú ag aeriompróirí chuig údaráis inniúla na mBallstát. In éineacht le Rialachán 2016/679 agus Treoir 2016/680, ráthaítear leis ardleibhéal cosanta do chearta bunúsacha, go háirithe na cearta chun príobháideachais agus chun sonraí pearsanta a chosaint.

AG AITHINT DÓIBH, i gcomhréir le Comhaontú 2008 uaithi le Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir leis an mbaint atá aici le cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forbairt *acquis* Schengen, gur ghlac an Eilvéis le Treoir (AE) 2016/680 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le húdaráis inniúla próiseáil sonraí pearsanta chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle, agus go gcuireann sí i bhfeidhm í, ós rud é go bhfuil an Treoir sin agus ina forbairt ar *acquis* Schengen. Thairis sin, agus ós rud é go bhfuil feidhm ag cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2016/680 a dhéanann an Eilvéis maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoi ionstraimí dlí ar cuid de *acquis* Schengen iad, ba cheart a shoiléiriú go n-áirítear freisin i gcur i bhfeidhm na Treorach a dhéanann an Eilvéis próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla faoin gComhaontú seo.

AG MEABHRÚ DÓIBH an chirt chun saorghluaiseachta atá ag daoine idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis, dá bhforáiltear sa Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine[1], agus go bhféadfadh aon chóras náisiúnta lena gceanglaítear ar aeriompróirí go ndéanfaidh na húdaráis inniúla sonraí PNR a aistriú agus a phróiseáil cur isteach ar fheidhmiú na saorghluaiseachta do dhaoine, agus, dá bhrí sin, nach bhfuil údar le haon chur isteach ar fheidhmiú na saoirse sin ach amháin i gcás ina bhfuil sé bunaithe ar bhreithnithe oibiachtúla agus i gcás ina bhfuil sé comhréireach leis an gcuspóir dlisteanach atá á shaothrú.

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

## CAIBIDIL I

[1] IO L 53, 27.2.2008, lch. 52

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 1

***Cuspóir agus raon feidhme***

(1) Tá sé de chuspóir ag an gComhaontú seo é a chur ar chumas aeriompróirí sonraí a aistriú as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) ón Aontas chuig an Eilvéis agus rialacha agus coinníollacha a leagan síos faoina bhféadfaidh an Eilvéis na sonraí PNR sin a phróiseáil.

(2) Tá sé de chuspóir ag an gComhaontú seo freisin feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta agus breithiúnach in ábhair choiriúla idir an tAontas agus an Eilvéis i ndáil le sonraí PNR.

(3) Cumhdaítear le raon feidhme an Chomhaontaithe seo aeriompróirí a oibríonn eitiltí paisinéirí idir an tAontas agus an Eilvéis chomh maith le haeriompróirí atá ionchorpraithe san Aontas nó a dhéanann sonraí a stóráil san Aontas agus eitiltí a oibriú chuig an Eilvéis nó uaithi.

AIRTEAGAL 2

***Sainmhíniú***

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘aeriompróir’ gnóthas aeriompair a bhfuil ceadúnas bailí oibríochta nó a choibhéis aige lena gceadaítear dó paisinéirí a iompar d'aer idir an tAontas agus an Eilvéis;

(2) ciallaíonn ‘údaráis inniúla’ na húdaráis phoiblí atá freagrach, faoi dhlí náisiúnta na hEilvéise, as cionta sceimhlitheoireachta nó coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh;

(3) ciallaíonn ‘paisinéir’ aon duine, lena n-áirítear duine atá i mbun aistriú nó idirthurais agus nach baill den chriú iad, atá á n-iompar nó le hiompar ag aerárthach le toiliú an aeriompróra, agus a áirítear ar an liosta paisinéirí dá bharr;

(4) ciallaíonn ‘Aonad Faisnéise Paisinéirí na hEilvéise’ nó ‘AFP na hEilvéise’ an t-údarás a bunaíodh nó a ainmníodh mar údarás atá freagrach as sonraí PNR a fháil agus a phróiseáil thar ceann na hEilvéise i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chomhaontú seo.

(5) ciallaíonn ‘taifead ainmneacha paisinéirí’ (nó ‘PNR’) taifead de riachtanais taistil gach paisinéara ina bhfuil an fhaisnéis is gá chun go bhféadfar áirithintí a phróiseáil agus a rialú tríd an áirithint agus trí na haeriompróirí rannpháirteacha le haghaidh gach turais a chuireann aon duine in áirithe nó a chuirtear in áirithe thar a cheann, cibé acu atá sé i gcórais áirithinte, sna córais rialaithe imeachta a úsáidtear chun paisinéirí a sheiceáil isteach in eitiltí, nó i gcórais chomhionanna lena soláthraítear na feidhmiúlachtaí céanna; go sonrach, de réir mar a úsáidtear

iad sa Chomhaontú seo, tá na gnéithe a liostaítear go huileghabhálach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú seo i gceist le sonraí PNR;

(6) ciallaíonn 'coireacht thromchúiseach' na cionta is inphionóis le pianbhreith choimeádta uasta nó le hordú coinneála 3 bliana ar a laghad faoi dhlí náisiúnta na hEilvéise a bhfuil nasc oibiachtúil acu, fiú más nasc indíreach é, le hiompar paisinéirí d'aer;

(7) ciallaíonn 'cionta sceimhlitheoireachta':

(a) (a) gníomh nó neamhghníomh a dhéantar a bhfuil cuspóir nó cúis pholaitiúil, reiligiúnach nó idé-eolaíoch aige a bhfuil sé beartaithe leis an pobal a imeaglú a mhéid a bhaineann lena shlándáil, lena n-áirítear a shlándáil eacnamaíoch, nó gníomh nó easnamh a dhéantar a bhfuil sé beartaithe leis iallach a chur ar dhuine, rialtas, eagraíocht intíre nó idirnáisiúnta aon ghníomh a dhéanamh nó staonadh ó aon ghníomh a dhéanamh, agus lena ndéantar na nithe seo a leanas d'aon ghnó: (i) gníomh nó neamhghníomh ar cúis bháis nó mórdhíobhála coirp é; (ii) gníomh nó neamhghníomh a chuireann saol duine aonair i mbaol; (iii) gníomh nó neamhghníomh ar cúis le riosca tromchúiseach do shláinte nó do shábháilteacht an phobail é; (iv) gníomh nó neamhghníomh ar cúis le damáiste substaintiúil do mhaoin é ar dócha go mbeadh an díobháil dá dtagraítear in (i) go (iii) mar thoradh air; nó (v) gníomh nó neamhghníomh ar cúis le cur isteach tromchúiseach ar sheirbhís, saoráid nó córas fíor-riachtanach é, seachas mar thoradh ar abhcóideacht, agóid, easaontas nó stad oibre atá dleathach nó neamhdhleathach, amhail stailc, nach bhfuil sé beartaithe leis go mbeadh an díobháil dá dtagraítear in (i) go (iii) mar thoradh air; nó

(b) gníomhaíochtaí ar cion iad laistigh de raon feidhme na gcoinbhinsiún agus na bprótacal idirnáisiúnta is infheidhme a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht agus mar a shainmhínítear iad sna coinbhinsiúin agus sna prótacail sin; nó

(c) páirt a ghlacadh go feasach in aon ghníomhaíocht nó rannchuidiú nó treoir a thabhairt do dhuine, do ghrúpa, nó d'eagraíocht aon ghníomhaíocht a dhéanamh chun feabhas a chur ar chumas eintitis sceimhlitheoireachta gníomh nó neamhghníomh ar a dtugtar tuairisc in (a) nó (b) a éascú nó a dhéanamh; nó

(d) cion indíotáilte a dhéanamh i gcás ina ndéantar an gníomh nó an neamhghníomh chun tairbhe eintitis sceimhlitheoireachta, faoina threoir nó i gcomhlachas leis; nó

(e) maoin a bhailiú nó a iarraidh ar dhuine, grúpa nó eagraíocht chun maoin nó seirbhísí airgeadais nó seirbhísí gaolmhara eile a chur ar fáil chun gníomh nó neamhghníomh ar a dtugtar tuairisc in (a) nó (b) a dhéanamh, nó maoin a úsáid nó a shealbhú chun gníomh nó neamhghníomh ar a dtugtar tuairisc in (a) nó (b) a dhéanamh; nó

(f) iarracht a dhéanamh, nó bagairt a dhéanamh, gníomh nó neamhghníomh ar a dtugtar tuairisc in (a) nó (b) a dhéanamh, comhcheilg, éascú, treoir a thabhairt nó comhairleoireacht a dhéanamh i ndáil le gníomh nó

neamhghníomh ar a dtugtar tuairisc in (a) nó (b), nó a bheith ina ghabhálas tar éis an gníomh nó an neamhghníomh ar a dtugtar tuairisc in (a) nó (b) a dhéanamh, nó tearmannú nó ceilt a dhéanamh chun críche eintiteas sceimhlitheoireachta a chumasú gníomh nó neamhghníomh ar a dtugtar tuairisc in (a) nó (b) a éascú nó a dhéanamh; nó

(g) taisteal chuig an Eilvéis nó chuig Ballstát den Aontas nó uaithi chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh, nó chun rannchuidiú le cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh de réir bhrí litreacha a) nó b), nó chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí eintitis sceimhlitheoireachta de réir bhrí mhír 8) le feasacht go rannchuideoidh an rannpháirtíocht sin le gníomhaíochtaí coiriúla an eintitis sceimhlitheoireachta.

(8) ciallaíonn 'eintiteas sceimhlitheoireachta': (i) duine, grúpa nó eagraíocht ar ceann dá chuspóirí nó dá ghníomhaíochtaí gníomh nó neamhghníomh ar a dtugtar tuairisc i mír 7, pointe (a) nó (b) a éascú nó a dhéanamh; nó (ii) duine, grúpa nó eagraíocht a ghníomhaíonn, go feasach, thar ceann an duine, an ghrúpa nó na heagraíochta sin a luaitear in (i), a ghníomhaíonn faoina threoir / faoina treoir nó a ghníomhaíonn in éineacht leis nó léi.

## CAIBIDIL II

## SONRAÍ PNR A AISTRIÚ

### AIRTEAGAL 3

### *Modh agus minicíocht an aistrithe*

(1) Áiritheoidh an Eilvéis go n-aistreoidh aeriompróirí sonraí PNR chuig AFP na hEilvéise go heisiach trí na sonraí PNR is gá a tharchur chuig bunachar sonraí an údaráis iarrthaigh ('modh brú'), agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta seo a leanas atá le comhlíonadh ag aeriompróirí:

(a) go leictreonach i gcomhréir le ceanglais theicniúla AFP na hEilvéise nó, i gcás ina dtarlóidh cliseadh teicniúil, trí aon mheán iomchuí eile lena n-áirithítear leibhéal iomchuí slándála sonraí;

(b) trí úsáid a bhaint as formáid teachtaireachtaí a nglactar léi go frithpháirteach, agus ar bhealach slán trí úsáid a bhaint as prótacail choiteanna mar a cheanglaítear le AFP na hEilvéise;

(c) go díreach nó trí ghníomhairí údaraithe, a ghníomhaíonn thar ceann agus faoi fhreagracht aeriompróra, chun críoch na gcoinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú seo agus faoi na coinníollacha sin.

(2) Ní cheanglóidh an Eilvéis ar aeriompróirí eilimintí de shonraí PNR a sholáthar nach bhfuil á gcoinneáil cheana féin, nó nach bhfuil bailithe ag aeriompróirí chun a gcríoch áirithinte nó i ngnáthchúrsa a ngnó.

(3) Áiritheoidh an Eilvéis go scriosfaidh AFP na hEilvéise aon eilimint sonraí a aistríonn aeriompróir chuige de bhun an Chomhaontaithe seo ar shonraí PNR a fháil, mura liostaítear an eilimint sonraí sin in Iarscríbhinn I.

(4) Áiritheoidh an Eilvéis go gcuirfidh AFP na hEilvéise de cheangal ar aeriompróirí sonraí PNR a aistriú:

(a) ar bhonn sceidealaithe agus an pointe is luaithe a bheith suas le 48 n-uair roimh an imeacht sceidealta; agus

(b) cúig huaire ar a mhéad, i gcás eitilte ar leith.

(5) Ceadóidh an Eilvéis d'aeriompróirí an t-aistriú dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 4 a theorannú do nuashonruithe ar na sonraí PNR arna n-aistriú dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír sin.

(6) Áiritheoidh an Eilvéis go gcuirfidh Údarás Inniúil na hEilvéise aeriompróirí ar an eolas faoi na hamanna sonraithe le haghaidh na n-aistrithe.

(7) I gcásanna sonracha ina léireofar go bhfuil gá le rochtain bhreise chun freagairt do bhagairt shonrach a bhaineann leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 5, féadfaidh AFP na hEilvéise a cheangal ar aeriompróir sonraí PNR a chur ar fáil roimh na haistrithe sceidealta, idir na haistrithe sceidealta nó ina ndiaidh. Agus an discréid sin á feidhmiú aige, gníomhóidh an Eilvéis go breithiúnach agus go comhréireach agus ceanglóidh sí go n-úsáidfear an modh aistrithe ar a dtugtar tuairisc i mír 1.

AIRTEAGAL 4

***Ródaire API-PNR***

(1) 1. Féadfaidh na Páirtithe a chinneadh go bhféadfaidh an Eilvéis a cheangal ar aeriompróirí sonraí PNR a aistriú chuig AFP na hEilvéise trí bhíthin ródaire API-PNR a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2025/13[2]. Sa chás sin, déanfaidh an Eilvéis na nithe seo a leanas:

(a) ní chuirfidh sí de cheangal ar aeriompróirí sonraí PNR a aistriú ar aon mhodh eile;

(b) beidh sí faoi cheangal ag na rialacha maidir le feidhmiú agus na coinníollacha a bhaineann le húsáid ródaire den sórt sin mar a bhunaítear leis an Rialachán sin, de mhaolú ar Airteagal 3(1), Airteagal (4) agus Airteagal (6).

(2) Tabharfaidh an Eilvéis fógra don Aontas faoina hiarraidh an ródaire a úsáid de bhun mhír 1. Glacfaidh an tAontas leis an iarraidh sin i scríbhinn trí chainéil taidhleoireachta.

(3) Tabharfaidh an tAontas fógra i scríbhinn don Eilvéis trí chainéil taidhleoireachta faoi aon leasú ar Rialachán (AE) 2025/13 a dhéanann difear do na rialacha maidir le feidhmiú agus na coinníollacha maidir le húsáid ródaire API-PNR. Laistigh de 120 lá ón bhfógra sin a fháil, féadfaidh an Eilvéis fógra a thabhairt don Aontas i scríbhinn trí

2 Rialachán (AE) 2025/13 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le réamhaisnéis faoi phaisinéirí a bhailiú agus a aistriú chun cionta sceimhlitheoireachta agus an choireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/818.

chainéil taidhleoireachta go bhfuil sé ar intinn aici scor d'úsáid an ródaire. Sa chás sin, rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúchán mar a fhoráiltear i mír 1 d'Airteagal 23 agus leanfaidh Airteagal 3(1), Airteagal (4) agus Airteagal (6) d'fheidhm a bheith acu.

## CAIBIDIL III

## PRÓISEÁIL AGUS COSAINT PNR

### AIRTEAGAL 5

***Cuspóirí phróiseáil PNR***

Áiritheoidh an Eilvéis go ndéanfar sonraí PNR a fuarthas de bhun an Chomhaontaithe seo a phróiseáil chun cionta sceimhlitheoireachta nó coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus chun na críche sin amháin.

### AIRTEAGAL 6

***Módúlachtaí phróiseáil PNR***

Féadfaidh AFP na hEilvéise sonraí PNR a phróiseáil go heisiach trí bhíthin na módúlachtaí sonracha próiseála seo a leanas:

(a) measúnú a dhéanamh ar phaisinéirí sula dtiocfaidh siad isteach san Eilvéis nó sula n-imeoidh siad as an Eilvéis, chun daoine a shainaithint ar gá do na húdaráis inniúla scrúdú breise a dhéanamh orthu, ós rud é go bhféadfadh na daoine sin a bheith páirteach i gcion sceimhlitheoireachta nó i gcoireacht thromchúiseach i gcomhréir le hAirteagal 7 (measúnú 'fíor-ama');

(b) cuardach a dhéanamh i mbunachar sonraí na sonraí PNR arna gcoinneáil d'fhonn freagra a thabhairt, ar bhonn cás ar chás, ar iarraidh chuí-réasúnaithe arna cur isteach de bhun Airteagal 13 agus Airteagal 14, agus, i gcás inarb iomchuí, aon sonraí PNR ábhartha nó torthaí a bpróiseála a nochtadh;

(c) anailís a dhéanamh ar shonraí PNR chun critéir nua a thabhairt cothrom le dáta, a thástáil nó a chruthú a bheidh le húsáid sna measúnuithe a dhéanfar faoi phointe (b) de mhír 1 d'Airteagal 7, d'fhonn aon duine a d'fhéadfadh a bheith páirteach i gcion sceimhlitheoireachta nó i gcoireacht thromchúiseach a shainaithint.

### AIRTEAGAL 7

***Measúnú fíor-ama***

(1) Agus measúnú dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 6 á dhéanamh aige, féadfaidh AFP na hEilvéise an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) sonraí PNR a chur i gcomparáid le bunachair sonraí maidir le daoine nó ábhair atá á lorg nó atá faoi fholáireamh agus leis na bunachair sonraí sin amháin, i gcomhréir le rialacha an Aontais, rialacha idirnáisiúnta agus rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le bunachair sonraí den sórt sin; agus

(b) sonraí PNR a phróiseáil de réir critéir réamhchinntithe.

(2) Áiritheoidh an Eilvéis go mbeidh na bunachair sonraí dá dtagraítear i mír 1(a) neamh-idirdhealaitheach, iontaofa, cothrom le dáta agus teoranta dóibh siúd a úsáideann údaráis inniúla na hEilvéise i ndáil leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 5 agus atá ábhartha chun na gcríoch sin.

(3) Áiritheoidh an Eilvéis go mbeidh aon mheasúnú ar shonraí PNR dá dtagraítear i mír 1(b) bunaithe ar shamhlacha agus ar chritéir réamhbhunaithe atá neamh-idirdhealaitheach, sonrach agus iontaofa chun a chur ar chumas ADP na hEilvéise teacht ar thorthaí atá dírithe ar dhaoine aonair a d'fhéadfadh a bheith faoi amhras réasúnta go bhfuil siad rannpháirteach i gcionta sceimhlitheoireachta nó i gcoireacht thromchúiseach nó go bhfuil siad rannpháirteach iontu. Áiritheoidh an Eilvéis nach mbeidh imthosca ar bith i gceist ina mbeidh na tacair sonraí a úsáidfear i leith na rialacha sin bunaithe ar chine nó bunús eitneach duine, ar thuairimí polaitíochta, reiligiún nó creideamh fealsúnach, ballraíocht ceardchumainn, sláinte, cleachtadh gnéis ná claonadh gnéasach.

(4) Áiritheoidh an Eilvéis go ndéanfaidh AFP na hEilvéise athbhreithniú aonair ar aon mheaitseáil dhearfach a eascraíonn as próiseáil fíor-ama ar shonraí PNR trí mhodhanna neamh-uathoibrithe.

## AIRTEAGAL 8

### *Catagóirí speisialta sonraí*

(1) Toirmiscfear próiseáil a dhéanamh ar shonraí PNR lena léireofar tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, agus toirmiscfear próiseáil sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainaithint go huathúil, sonraí a bhaineann leis an t sláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis nó le gnéaschlaonadh duine nádúrtha.

(2) A mhéid a áireofar catagóirí speisialta sonraí pearsanta den sórt sin sna sonraí PNR a fuair AFP na hEilvéise faoin gComhaontú seo, scriosfaidh AFP na hEilvéise na sonraí sin láithreach.

## AIRTEAGAL 9

### *Slándáil agus sláine sonraí*

(1) Áiritheoidh an Eilvéis go ndéanfar sonraí PNR a fuarthas faoin gComhaontú seo a phróiseáil ar bhealach lena n-áiritheofar ardleibhéal slándála sonraí is iomchuí do na rioscaí a bhaineann leis an bpróiseáil agus le cineál na sonraí PNR a fhaightear faoin gComhaontú seo. Go háirithe, déanfaidh AFP na hEilvéise na nithe seo a leanas:

(a) bearta agus nósanna imeachta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme chun an leibhéal slándála sin a áirithiú;

(b) nósanna imeachta criptiúcháin, údaraithe agus doiciméadaithe a chur i bhfeidhm maidir le sonraí PNR;

(c) rochtain ar shonraí PNR a theorannú do bhaill foirne údaraithe; agus

(d) sonraí PNR a choimeád i dtimpeallacht fhisiceach shlán a chosnaítear le rialuithe rochtana.

(2) Áiritheoidh an Eilvéis go mbeidh aon sárú ar shlándáil sonraí, go háirithe aon sárú a mbeidh scriosadh de thaisme nó go neamhdhleathach nó cailleadh, athrú, nochtadh nó rochtain neamhúdaraithe nó de thaisme, nó próiseáil neamhdhleathach d'aon chineál mar thoradh air, faoi réir bearta ceartaitheacha éifeachtacha athchomhairleacha.

(3) Tuairisceoidh an Eilvéis aon sárú ar shlándáil sonraí don údarás maoirseachta náisiúnta arna bhunú de bhun Airteagal 41 de Threoir (AE) 2016/680.

AIRTEAGAL 10

***Próiseáil sonraí PNR a logáil agus a dhoiciméadú***

(1) Déanfaidh an Eilvéis gach próiseáil ar shonraí PNR a logáil agus a dhoiciméadú. Ní úsáidfidh an Eilvéis comhad loga ná doiciméad ach amháin chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) féinfhaireachán a dhéanamh agus chun dlíthiúlacht na próiseála sonraí a fhíorú;

(b) sláine chuí sonraí nó feidhmiúlacht chuí an chórais a áirithiú;

(c) slándáil na próiseála sonraí a áirithiú; agus

(d) formhaoirseacht agus cuntasacht an riaracháin phoiblí a áirithiú.

(2) Cuirfear logaí nó doiciméadacht a choimeádfar faoi mhír 1 in iúl, arna iarraidh sin, don údarás maoirseachta náisiúnta nach n-úsáidfidh an fhaisnéis sin ach chun maoirseacht a dhéanamh ar chosaint sonraí agus chun próiseáil cheart sonraí chomh maith le sláine agus slándáil sonraí a áirithiú.

## CAIBIDIL IV

## SONRAÍ PNR A STÓRÁIL AGUS A NOCHTADH

AIRTEAGAL 11

***Tréimhsí stórála***

(1) Maidir le sonraí PNR a fuarthas faoin gComhaontú seo, áiritheoidh an Eilvéis na nithe seo a leanas agus na sonraí sin á stóráil:

(a) nach ndéanfar na sonraí a stóráil ach a fhad a bheidh nasc oibiachtúil ann, fiú nasc indíreach, idir na sonraí PNR atá stóráilte agus ceann amháin ar a laghad de na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 5; agus

(b) go ndéanfar na sonraí a stóráil in aon chás ar feadh tréimhsí nach faide ná 5 bliana.

(2) De bhun mhír 1, ní fhéadfaidh AFP na hEilvéise sonraí PNR na n-aerphaisinéirí uile a stóráil ach ar feadh tréimhse thosaigh dá bhforáiltear ina dhlí náisiúnta. Ní rachaidh fad na tréimhse tosaigh sin thar a bhfuil fíor-riachtanach chun go bhféadfaidh AFP na cuardaigh dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(b) a dhéanamh chun daoine a shainaithint nach raibh amhras ann cheana go raibh baint acu le cionta sceimhlitheoireachta nó le coireacht thromchúiseach ar bhonn an mheasúnaithe fíor-ama de bhun Airteagal 6(1)(a).

(3) Tar éis na tréimhse tosaigh dá dtagraítear i mír 2, ní fhéadfaidh AFP na hEilvéise ach sonraí PNR paisinéirí a bhfuil fianaise oibiachtúil ann ina leith a d'fhéadfadh riosca a chruthú a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta nó coireacht thromchúiseach a stóráil.

(4) Áiritheoidh an Eilvéis go ndéanfaidh AFP na hEilvéise athbhreithniú ar an ngá atá le stóráil leanúnach sonraí PNR de bhun mhír 2 agus mhír 3 den Airteagal seo, ar bhonn rialta.

(5) Ar dhul in éag na tréimhse stórála iomchuí, áiritheoidh an Eilvéis go ndéanfar sonraí PNR a scriosadh go neamh-inchúlghairthe nó go ndéanfar sonraí anaithnide díobh ar bhealach nach féidir na hábhair sonraí lena mbaineann a shainaithint a thuilleadh.

(6) D'ainneoin mhír 1(b), féadfaidh an Eilvéis stóráil sonraí PNR a cheadú, ar sonraí iad a mbeidh gá leo chun athbhreithniú, imscrúdú, gníomhaíocht forfheidhmiúcháin, imeacht breithiúnach, ionchúiseamh, nó forfheidhmiú pionós a dhéanamh, go dtí go dtabharfar an próiseas ábhartha i gcrích.

## AIRTEAGAL 12

### *Dípherasantú*

(1) Déanfaidh AFP na hEilvéise sonraí PNR a dhíphearsantú 6 mhí ar a dhéanaí tar éis sonraí PNR a fháil. Déanfaidh sé amhlaidh trí na heilimintí sonraí seo a leanas a cheilt lena bhféadfaí an paisinéir lena mbaineann na sonraí PNR a shainaithint go díreach:

(a) ainm(neacha), lena n-áirítear ainmneacha paisinéirí eile ar an Taifead Ainmneacha Paisinéirí agus líon na dtaistealaithe ar an Taifead Ainmneacha Paisinéirí agus iad ag taisteal le chéile;

(b) seoladh agus faisnéis teagmhála;

(c) gach cineál faisnéise íocaíochta, lena n-áirítear seoladh billeála, a mhéid atá aon fhaisnéis ann a d'fhéadfadh an paisinéir lena mbaineann na sonraí PNR nó aon duine eile a shainaithint go díreach;

(d) faisnéis maidir le dílseacht eitilte;

(e) ráitis ghinearálta a mhéid a bheidh aon fhaisnéis ann lena bhféadfaí an paisinéir lena mbaineann na sonraí PNR a shainaithint go díreach; agus

(f) aon sonraí API a bailíodh.

(2) Ní fhéadfaidh AFP na hEilvéise na heilimintí sonraí dá dtagraítear i mír 1 a nochtadh ach chun críocha Airteagal 5 agus faoi choinníollacha Airteagal 13 nó Airteagal 14.

AIRTEAGAL 13

***Nochtadh laistigh den Eilvéis***

(1) Agus freagra á thabhairt aige ar iarraidh chuí-réasúnaithe arna seoladh ag údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 6(b), ní nochtfaidh AFP na hEilvéise, ar bhonn cás ar chás, sonraí PNR nó torthaí a bpróiseála, ach amháin i gcás:

(a) ina mbeidh gá le nochtadh den sórt sin chun ceann de na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 5 a bhaint amach;

(b) nach nochtfar ach an t-íosmhéid sonraí PNR is gá;

(c) ina dtabharfaidh an t-údarás inniúil is faighteoir cosaint atá coibhéiseach leis na coimircí ar a dtugtar tuairisc sa Chomhaontú seo;

(d) ina ndéanfaidh údarás breithiúnach nó comhlacht neamhspleách eile atá inniúil faoin dlí náisiúnta an nochtadh a fhormheas chun a fhíorú an gcomhlíontar na coinníollacha maidir le nochtadh.

(2) De mhaolú ar phointe (d) de mhír 1, féadfaidh AFP na hEilvéise sonraí PNR a nochtadh i gcásanna práinne a mbeidh údar cuí leo gan athbhreithniú ná formheas a dhéanamh roimh ré. I gcásanna den sórt sin, ní mór an t-athbhreithniú dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 a dhéanamh laistigh de thréimhse ghearr.

(3) Áiritheoidh an Eilvéis nach nochtfaidh an t-údarás inniúil is faighteoir sonraí PNR d'údarás eile ach má údaraíonn AFP na hEilvéise an nochtadh go sainráite.

AIRTEAGAL 14

***Nochtadh lasmuigh den Eilvéis agus den Aontas Eorpach***

(1) Agus freagra á thabhairt aige ar iarraidh chuí-réasúnaithe arna seoladh ag údarás inniúil tíre seachas Ballstáit an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 6(b), ní nochtfaidh AFP na hEilvéise, ar bhonn cás ar chás, sonraí PNR ná torthaí a bpróiseála, ach amháin i gcás:

(a) ina mbeidh gá le nochtadh den sórt sin chun ceann de na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 5 a bhaint amach;

(b) nach nochtfar ach an t-íosmhéid sonraí PNR is gá;

(c) ina mbeidh Comhaontú tugtha i gcrích ag an tír a mbeidh na sonraí PNR le nochtadh dá húdarás leis an Aontas lena bhforáiltear do chosaint sonraí

pearsanta atá inchomparáide leis an gComhaontú seo nó atá faoi réir cinneadh ón gCoimisiún Eorpach de bhun dhlí an Aontais Eorpaigh, lena gcinntear go n-áirithíonn an tír sin leibhéal leordhóthanach cosanta sonraí de réir bhrí dhlí an Aontais;

(d) ina ndéanfaidh údarás breithiúnach nó comhlacht neamhspleách eile atá inniúil faoin dlí náisiúnta an nochtadh a fhormheas chun a fhíorú an gcomhlíontar na coinníollacha maidir le nochtadh.

(2) De mhaolú ar mhír 1(c), féadfaidh AFP na hEilvéise sonraí PNR a nochtadh le tír eile má mheasann sí go bhfuil an nochtadh riachtanach chun garbhagairt thromchúiseach ar an tslándáil phoiblí a chosc nó a imscrúdú agus má thugann an tír sin dearbhú i scríbhinn, de bhun socrú, comhaontú nó eile, go gcosnófar an fhaisnéis i gcomhréir leis na coimircí a leagtar amach sa Chomhaontú seo.

(3) De mhaolú ar mhír 1(d), féadfaidh AFP na hEilvéise sonraí PNR a nochtadh i gcásanna práinne a mbeidh údar cuí leo gan athbhreithniú agus formheas a dhéanamh roimh ré. I gcásanna den sórt sin, ní mór an t-athbhreithniú dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh laistigh de thréimhse ghearr.

AIRTEAGAL 15

***Faisnéis a bhaineann le PNR a mhalartú***

(1) Roinnfidh AFP na hEilvéise le Europol nó le Eurojust, laistigh de raon feidhme a sainorduithe féin, nó le AFPanna na mBallstát, na torthaí a eascraíonn as próiseáil na sonraí sin, nó gach faisnéis anailíseach ábhartha agus iomchuí ina mbeidh sonraí PNR chomh luath agus is féidir i gcásanna sonracha nuair is gá chun sceimhlitheoireacht nó coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Roinnfidh AFP na hEilvéise an fhaisnéis sin ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do Europol nó Eurojust, laistigh de raon feidhme a sainorduithe faoi seach nó do AFPanna na mBallstát.

(2) Déanfaidh AFPanna na mBallstát gach faisnéis anailíseach ábhartha agus iomchuí ina mbeidh sonraí PNR, nó na torthaí a eascraíonn as próiseáil na sonraí sin, a roinnt le AFP na hEilvéise a luaithe is féidir i gcásanna sonracha nuair is gá chun sceimhlitheoireacht nó coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh. Roinnfidh AFPanna na mBallstát an fhaisnéis sin ar a dtionscnamh féin nó arna iarraidh sin do AFP na hEilvéise.

(3) Áiritheoidh na Páirtithe go roinnfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le comhar i bhforfheidhmiú an dlí nó comhroinnt faisnéise idir an Eilvéis agus Europol, Eurojust, nó an Ballstát lena mbaineann. Go háirithe, déanfar faisnéis a mhalartú le Europol faoin Airteagal seo tríd an gcainéil slán cumarsáide arna bhunú chun faisnéis a mhalartú.

**CAIBIDIL V**

## COSAINT SONRAÍ

AIRTEAGAL 16

***Cearta agus oibleagáidí faoi Threoir (AE) 2016/680***

(1) Áiritheoidh an Eilvéis, i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun críocha an Chomhaontaithe seo, go gcuirfidh sí i bhfeidhm na cearta agus na hoibleagáidí céanna le Treoir (AE) 2016/680, lena n-áirítear aon leasú orthu ar ghlac an Eilvéis leo agus a chuir sí chun feidhme i gcomhréir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt.

(2) Déanfaidh údarás maoirseachta neamhspleách maoirseacht ar phróiseáil sonraí pearsanta ag AFP na hEilvéise, arna bhunú i gcomhréir le chun cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Treoir (AE) 2016/680, lena n-áirítear aon leasú orthu ar ghlac an Eilvéis leo agus a chuir chun feidhme iad i gcomhréir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt.

(3) Tá an tAirteagal seo gan dochar do chur i bhfeidhm aon fhorálacha níos sonracha sa Chomhaontú seo a bhaineann le sonraí PNR a phróiseáil.

AIRTEAGAL 17

***Trédhearcacht agus faisnéis***

(1) Áiritheoidh an Eilvéis go gcuirfidh AFP na hEilvéise an fhaisnéis seo a leanas ar fáil ar a shuíomh gréasáin:

(a) liosta den reachtaíocht lena n-údaraítear d'iompróirí sonraí PNR a aistriú;

(b) an chúis le sonraí PNR a bhailiú agus a stóráil;

(c) an bealach ina ndéanfar sonraí PNR a phróiseáil agus a chosaint;

(d) an modh agus an méid a fhéadfar na sonraí PNR a nochtadh le húdaráis inniúla eile; agus

(e) faisnéis teagmhála le haghaidh fiosrúchán.

(2) Oibreoidh an Eilvéis le tríú páirtithe leasmhara, amhail an tionscal eitlíochta agus aerthaistil, chun trédhearcacht a chur chun cinn, tráth na háirithinte, maidir leis na cúiseanna atá le sonraí PNR agus bhailiú agus a phróiseáil, agus maidir leis an gcaoi le rochtain, ceartú agus sásamh a iarraidh.

(3) Más rud é gur nochtadh sonraí PNR arna gcoinneáil i gcomhréir le hAirteagal 11 i gcomhréir le hAirteagal 13 nó le hAirteagal 14, cuirfidh an Eilvéis na paisinéirí lena mbaineann ar an eolas, agus iarrachtaí réasúnta á gcur san áireamh, trí bhíthin na módúlachtaí a leagtar amach de bhun Airteagal 13(2)(d) de Threoir 2016/680 agus

laistigh de thréimhse réasúnta ama nuair nach dócha a thuilleadh go gcuirfidh an fógra sin imscrúduithe na n-údarás poiblí lena mbaineann i mbaol a mhéid atá faisnéis teagmhála ábhartha na bpaisinéirí ar fáil nó gur féidir iad a aisghabháil.

## CAIBIDIL VI

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

### AIRTEAGAL 18

### *Fógraí*

(1) Tabharfaidh an Eilvéis fógra don Aontas trí chainéil taidhleoireachta maidir le céannacht na n-údarás seo a leanas:

(a) AFP na hEilvéise dá dtagraítear in Airteagal 2(4);

(b) An t-údarás náisiúnta maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 9(3).

(2) Tabharfaidh an Eilvéis fógra gan mhoill faoi aon athrú ar chéannacht na n-údarás dá dtagraítear i mír 1.

(3) Cuirfidh an tAontas an fhaisnéis sin ar fáil don phobal.

### AIRTEAGAL 19

### *Teacht i bhfeidhm*

(1) Déanfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a fhormheas i gcomhréir lena nósanna imeachta féin.

(2) 2. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí ina dhiaidh sin ón dáta a gheofar an fógra i scríbhinn lena mbeidh fógra tugtha ag an Eilvéis faoi chéannacht na n-údarás dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 18 nó ón dáta a thabharfar na fógraí i scríbhinn lenar thug na Páirtithe fógra dá chéile trí bhealaí taidhleoireachta go bhfuil na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 curtha i gcrích, cibé acu is déanaí.

### AIRTEAGAL 20

### *Réiteach díospóidí agus cur ar fionraí*

(1) Réiteoidh na Páirtithe aon díospóid a bhaineann le léirmhíniú, cur i bhfeidhm nó cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo trí chomhairliúcháin d'fhonn teacht ar réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach, lena n-áirítear deis a thabhairt do cheachtar den dá Pháirtí comhlíonadh laistigh de thréimhse réasúnach ama.

(2) Féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí eile trí

chainéil taidhleoireachta. Ní thabharfar fógra i scríbhinn den sórt sin go dtí go mbeidh tréimhse réasúnta comhairliúcháin déanta ag na Páirtithe. Tiocfaidh an cur ar fionraí i bhfeidhm 2 mhí ó dháta an fhógra sin, mura gcinnfidh na Páirtithe a mhalairt go comhpháirteach.

(3) An Páirtí a chuir an Comhaontú seo ar fionraí, cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas láithreach maidir leis an dáta a mbeidh feidhm ag cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo arís, a thúisce a bheidh deireadh feidhme le cúiseanna an chur ar fionraí. Tabharfaidh an Páirtí a chuir an Comhaontú ar fionraí fógra i scríbhinn don Pháirtí eile.

(4) Leanfaidh an Eilvéis de théarmaí an Chomhaontaithe a chur i bhfeidhm maidir leis na sonraí PNR uile a fuarthas roimh aon chur ar fionraí ar an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 21

***Foirceannadh***

(1) Féadfaidh ceachtar de na Páirtithe an Comhaontú seo a fhoirceannadh tráth ar bith trí fhógra i scríbhinn a thabhairt trí chainéil taidhleoireachta. Gabhfaidh éifeacht leis an bhfoirceannadh 3 mhí tar éis an dáta a gheofar an fógra sin i scríbhinn.

(2) Má thugann ceachtar den dá Pháirtí fógra foirceanta faoin Airteagal seo, cinnfidh na Páirtithe cé na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar aon chomhar a thionscnófar faoin gComhaontú seo a thabhairt i gcrích ar bhealach iomchuí.

(3) Leanfaidh an Eilvéis de théarmaí an Chomhaontaithe seo a chur i bhfeidhm maidir leis na sonraí PNR uile a fuarthas roimh aon fhoirceannadh ar an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 22

***Leasuithe***

(1) Féadfar an Comhaontú seo a leasú tráth ar bith trí chomhaontú frithpháirteach na bPáirtithe. Tiocfaidh na leasuithe ar an gComhaontú seo i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 19.

(2) Féadfar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú seo a thabhairt cothrom le dáta, trí chomhaontú frithpháirteach na bPáirtithe, arna chur in iúl trí fhógra i scríbhinn a mhalartaítear trí chainéil taidhleoireachta. Tiocfaidh nuashonruithe den sórt sin i bhfeidhm ar an dáta dá dtagraítear in Airteagal 19(2).

AIRTEAGAL 23

*Comhairliúchán agus meastóireacht*

(1) Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile maidir le saincheisteanna a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo. Cuirfidh siad in iúl dá chéile aon bheart a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don Chomhaontú seo.

(2) Déanfaidh na Páirtithe meastóireacht chomhpháirteach ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo má iarrann ceachtar den dá Pháirtí sin agus má chinntear go comhpháirteach é. Agus meastóireacht den sórt sin á ndéanamh acu, tabharfaidh na Páirtithe aird ar leith ar an ngá atá le sonraí PNR a phróiseáil le haghaidh gach ceann de na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 5 agus ar chomhréireacht na próiseála agus na coinneála sin. Déanfaidh na Páirtithe cinneadh roimh ré maidir le módúlachtaí na meastóireachtaí sin.

AIRTEAGAL 24

*Cur i bhfeidhm críochach*

(1) Beidh feidhm ag an gComhaontú seo maidir le críoch an Aontais Eorpaigh i gcomhréir leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus maidir le críoch na hEilvéise.

(2) Faoi dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, tabharfaidh an tAontas Eorpach fógra don Eilvéis faoi na Ballstáit a bhfuil feidhm ag an gComhaontú seo maidir lena gcríocha. Féadfaidh sé ina dhiaidh sin, tráth ar bith, fógra a thabhairt faoi aon athruithe air sin.

Déanfar an Comhaontú seo a tharraingt suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, san Ungáiris, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin. I gcás ina mbeidh aon éagsúlacht idir téacsanna an Chomhaontaithe seo, is ag an téacs Béarla a bheidh an forlámhas.

[sínithe]

## IARSCRÍBHINN I

## EILIMINTÍ SONRAÍ MAIDIR LE TAIFEAD AINMNEACHA PAISINÉIRÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 2(5)

1. Aimsitheoir taifid PNR

2. Dáta na háirithinte/dáta eisithe an ticéid

3. Dáta nó dátaí an taistil atá beartaithe

4. Ainm (nó ainmneacha)

5. Seoladh agus faisnéis teagmhála, is iad sin uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist a bhaineann leis na paisinéirí

6. Faisnéis a bhaineann leis na modhanna íocaíochta le haghaidh an aerthicéid agus lena bhilleáil

7. Cúrsa iomlán taistil le haghaidh PNR sonrach

8. Sonraí maidir le daoine a eitlíonn go minic a bhaineann leis an bpaisinéir nó leis na paisinéirí (stádas agus uimhir dílseachta eitilte)

9. Gníomhaireacht taistil/gníomhaire taistil

10. Stádas taistil paisinéirí lena n-áirítear deimhnithe, stádas ó thaobh seiceáil isteach de, faisnéis maidir le paisinéirí nár tháinig i láthair nó a dteastaíonn eitilt níos luaithe uathu

11. Faisnéis PNR scoilte nó roinnte

12. Faisnéis a bhaineann le mionaoisigh neamhthionlactha faoi bhun 18 mbliana d'aois: ainm, inscne, aois, teanga/teangacha atá ag an mionaoiseach, ainm agus sonraí teagmhála an chaomhnóra ar imeacht don mhionaoiseach agus an gaol leis an mionaoiseach, ainm agus sonraí teagmhála an chaomhnóra ar theacht isteach don mhionaoiseach agus ar an ngaol leis an mionaoiseach, ainm an ghníomhaire imeachta agus an ghníomhaire teachta

13. Faisnéis maidir leis an réimse ticéid, lena n-áirítear uimhir an ticéid, an dáta a eisíodh an ticéad agus ticéid aontreo, réimsí uathoibrithe chun praghas ticéid a bhreacadh

14. Uimhir an tsuíocháin agus faisnéis eile faoin suíochán

15. Faisnéis maidir le códroinnt

16. Gach faisnéis maidir le bagáiste

17. Líon agus ainmneacha eile na dtaistealaithe ar PNR

18. Aon eilimintí sonraí réamhaisnéise faoi phaisinéirí (API) a mhéid a bhailigh iompróirí cheana féin iad

19. Gach athrú stairiúil a rinneadh ar an PNR atá liostaithe in uimhreacha 1 go 18.

---

**Dearbhú Comhpháirteach**

Meabhraíonn na Páirtithe an méid seo a leanas:

– leis na Caighdeáin agus na Cleachtais Mholta in Iarscríbhinn 9 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (Coinbhinsiún Chicago), leagtar amach na téarmaí maidir le sonraí PNR a bhailiú, a úsáid, a phróiseáil agus a chosaint;

– Le Treoir (AE) 2016/681[3] leagtar síos na rialacha agus na coinníollacha maidir le sonraí PNR a bheith á n-aistriú chuig Ballstáit den Aontas agus maidir le próiseáil na sonraí sin ag Ballstáit an Aontais. In éineacht le Rialachán 2016/679[4] agus Treoir 2016/680[5], ráthaítear leis ardleibhéal cosanta do chearta bunúsacha, go háirithe na cearta chun príobháideachais agus chun sonraí pearsanta a chosaint;

– is é Acht Cónaidhme na hEilvéise[6] an bunús dlí lena gcumasaítear aeriompróirí na hEilvéise sonraí PNR a aistriú chuig na hAonaid um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí nó chuig údaráis inniúla chomhfhreagracha Stát eachtrach, lena n-áirítear údaráis Bhallstáit an Aontais agus lena rialaítear an úsáid a bhaineann an Eilvéis as Sonraí PNR;

– leagtar síos leis an gComhaontú seo na rialacha agus na coinníollacha maidir le haistriú sonraí PNR ón Aontas chuig an Eilvéis agus maidir le próiseáil na sonraí sin ag an Eilvéis a chumasú.

Cuireann na Páirtithe in iúl go bhfuil sé ar intinn acu comhar frithpháirteach a chothú i réimse PNR, agus prionsabal na hinfhaighteachta á mheabhrú acu agus comhar oibríochtúil a spreagadh idir na hAonaid um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí agus na húdaráis inniúla phóilíneachta agus bhreithiúnacha.

Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé a chéile a chur ar an eolas faoi fhorbairtí agus dea-chleachtais a bhaineann le PNR san Aontas, ina Bhallstáit agus san Eilvéis.

---

3 Treoir (AE) 2016/681 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le húsáid sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. IO L 119, 4.5.2016, lgh. 132–149.

4 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE). IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1–88.

5 Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle. IO L 119, 4.5.2016, lgh. 89–131.

6 Acht Cónaidhme na hEilvéise maidir le Sonraí Aerphaisinéirí (RS.XX.XXX).